M.24T

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

---

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2002**

---

# TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

---

**DÉ LUAIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 GO 4.50**

---

Freagair **ceithre** cheist, is é sin, Ceist 1, Ceist 5 agus dhá cheist eile as Roinn B (ceisteanna 2, 3 agus 4).

I gcás freagraí a mbíonn plé iontu, is fearr go mór trácht go mion ar thrí nó ar cheithre ghné, den phríomhthéama, seachas trácht go ginearálta ar mhórán pointí.

**ROINN A – OBAIR LÉARSCÁILE**
**Freagair Ceist 1 ina hiomláine**

**1.** Féach ar an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50,000 agus ar an Eochair Eolais a tugadh duit agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

**(a)** "Bunaíodh forbairt Chionn tSáile, cuid mhaith, ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcalafort".
Pléigh an ráiteas seo trí thagairt a dhéanamh d'fhianaise ón léarscáil amháin.
**(30 marc)**

**(b)** Tá fianaise mhór ar lonnaíocht stairiúil lasmuigh den cheantar foirgnimh le hais a chéile Chionn tSáile.
Trí thagairt a dhéanamh d'fhianaise ón léarscáil **AMHÁIN**, luaigh agus pléigh **TRÍ** chineál lonnaíochta stairiúil a dtig leat iad a aimsiú ar an léarscáil.
**(30 marc)**

**(c)** Pléigh an tionchar a bhí ag an tírdhreach fisiceach ar fhorbairt ghréasán na mbóithre sa cheantar seo.
Scrúdaigh, trí thagairt a dhéanamh d'fhianaise ón léarscáil, **TRÍ** shampla de seo.
**(40 marc)**

**ROINN B - TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH, SHÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCH**
**Freagair DHÁ cheist**

**2. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH: FREAGAIR 2 (a) nó 2 (b) nó 2 (c) nó 2 (d).**

**(a)** **Staidéar ar Oighriú**

**(i)** Tá na tírghnéithe atá cruthaithe ag oighriú, difriúil ar na tailte arda leo sin ar na tailte ísle. Léirigh an ráiteas seo trí úsáid a bhaint as **TRÍ** shampla éagsúla.
**(75 marc)**

**(ii)** Mínigh **DHÁ** bhealach inar baineadh leas as torthaí oighriú an tírdhreacha ar mhaithe le leas eacnamaíoch daoine.
**(25 marc)**

**(b)** **Teicteonaic Plátaí**

**(i)** Mínigh agus tabhair cuntas ar **THRÍ** bhealach inar mhúnlaigh próisis Teicteonaic Plátaí screamh an Domhain.
**(75 marc)**

**(ii)** Scrúdaigh go hachomair **DHÁ** bhealach inar féidir le torthaí phróiseas Teicteonaic Plátaí a rian a fhágáil go díreach ar shochaí dhaonna.
**(25 marc)**

**(c)** **<u>Gaineamhlaigh Fásaigh agus Leathnú na nGaineamhlach</u>**

**(i)** Mínigh an chaoi a gcruthaítear agus a modhnaítear tírghnéithe i gceantair na ngaineamhlach teo.

**(75 marc)**

**(ii)** San Afraic is mó atá tionchar ag leathnú na ngaineamhlach. Gaineamhlach nó tailte tirime is ea dhá dtrian den mhórchríoch. Mínigh cúis **AMHÁIN** agus toradh **AMHÁIN** ar leathnú seo na ngaineamhlach.

**(25 marc)**

**(d)** **<u>Saincheisteanna Timpeallachta</u>**

**Iarmhairt cheaptha teasa, Báisteach aigéadach, Folmhú an Ózóin, Toitcheo**

**(i)** Roghnaigh **DHÁ** cheann de na fadhbanna timpeallachta thuas agus i gcás **GACH** ceann díobh a roghnaíonn tú mínigh:
1) na cúiseanna leis an bhfadhb
2) an chaoi arbh fhéidir gníomhaíochtaí daonna a athrú chun iarmhairtí na faidhbe a mhaolú.

**(60 marc)**

**(ii)** "Tá diúscairt dramhaíola (fáil réidh le h-ábhar dramhaíola) ar cheann de na príomhcheisteanna atá le sárú in Éirinn inniu".
Scrúdaigh an ráiteas seo trí thagairt a dhéanamh do shampla nó do shamplaí a ndearna tú staidéar orthu. **(40 marc)**

**3. TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA: Freagair 3(a) nó 3(b) nó 3(c) nó 3(d).**

**(a) Scrúdaigh an t-aerfhótagraf daite de Chionn tSáile a tugadh duit.**

**(i)** Ar shracléarscáil de cheantar Chionn tSáile atá san fhótagraf, marcáil agus lipéadaigh iad seo a leanas:

- Líne an chladaigh agus ceantar an chuain
- Carrchlós
- Ceantar tithíochta nua-aimseartha
- Séipéal agus reilig
- Muiríne **(20 marc)**

**(ii)** "Cruthaíonn leagan amach Chionn tSáile fadhbanna ar leith do ghluaiseacht an tráchta".
Luaigh agus déan cur síos ar **DHÁ** shampla de seo ar an mbaile.

**(40 marc)**

**(iii)** Bain úsáid as fianaise ón léarscáil **AGUS** ón aerfhótagraf **ARAON**, agus pléigh **DHÁ** bhuntáiste agus míbhuntáiste **AMHÁIN** atá ag Cionn tSáile mar chuan.

**(40 marc)**


**(b) Idirspleáchas Domhanda**

"Léiríonn cúrsaí le déanaí, arís eile, go bhfuil an domhan i mbéal forbartha agus an domhan forbartha idirspleách".
Pléigh é seo agus déan tagairt do **DHÁ** shampla a ndearna tú staidéar orthu.

**(100 marc)**

**(c) Athruithe ar Dhaonra**

Déan staidéar ar na sonraí atá léirithe ar an léarscáil seo a thugann eolas faoi athruithe ar an daonra i bPoblacht na hÉireann idir 1991 agus 1996.




*Dearcadh Tíreolaíochta 1996 - % d'athrú ar an daonra in Éirinn*

**(i)** Déan cur síos ar na patrúin athruithe ar an daonra a thaispeántar ar an léarscáil. **(25 marc)**

**(ii)** Déan scrúdú ar **THRÍ** chúis a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn leis na hathruithe ar an daonra atá léirithe ar an léarscáil seo. **(75 marc)**

**(d)** Tá fadhbanna suntasacha ag na daoine a chónaíonn i gcathracha de dheasca fás na gcathracha sa domhan forbartha agus sa domhan i mbéal forbartha araon.
Agus tú ag scríobh faoi chathracha sa domhan forbartha **NÓ** faoi chathracha sa domhan i mbéal forbartha a ndearna tú staidéar orthu:

**(i)** Mínigh **DHÁ** fhadhb go mion. **(60 marc)**

**(ii)** Pléigh na straitéisí ab fhéidir a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le fadhb **AMHÁIN** díobh seo. **(40 marc)**

**4. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH: Freagair 4(a) nó 4(b) nó 4(c) nó 4(d)**

**(a) <u>Acmhainní Nádúrtha</u>**

Is féidir go mbeadh tionchair dhearfacha **AGUS** dhiúltacha **ARAON** ag forbairt acmhainní nádúrtha ar fhorbairt eacnamaíoch i dtír. Pléigh an ráiteas seo trí thagairtí a dhéanamh do shamplaí a ndearna tú staidéar orthu.

**(100 marc)**

**(b) <u>Iompar</u>**

**(i)** Toisc thábhachtach is ea iompar i bhforbairt sochaithe agus geilleagar. Déan scrúdú ar **THRÍ** bhealach ina raibh tionchar ag cúrsaí iompair ar an bhforbairt seo trí thagairt a dhéanamh do thíortha, do réigiúin nó do chathracha a ndearna tú staidéar orthu.

**(60 marc)**

**(ii)** Fadhb is ea plódú tráchta i mórán bailte agus cathracha. Pléigh na fadhbanna **AGUS** na hiarrachtaí chun iad a shárú i mbaile nó i gcathair **AR BITH** a ndearna tú staidéar air.

**(40 marc)**

**(c) <u>'Borradh Turasóireachta na Mílaoise i 2000'</u>**

'Tháinig méadú thart ar 7.4 faoin gcéad ar thurasóireacht domhanda i 2000 – an ráta fáis is airde aige le deich mbliana, beagnach, agus dhá oiread an mhéadaithe i 1999. Rinneadh suas le 50 milliún turas idirnáisiúnta sa bhreis i 2000 – a d'fhág líon 698 milliún san iomlán a shroich ceann scríbe idirnáisiúnta.'
*An Eagraíocht Turasóireachta Domhanda*

**(i)** Mínigh agus déan cur síos ar an éagsúlacht i réigiúin a d'fhéadfadh turasóirí a mhealladh, trí thagairt a dhéanamh do **THRÍ** shampla a ndearna tú staidéar orthu. **(75 marc)**

**(ii)** Tá fadhbanna a bhaineann le turasóireacht i mórán áiteanna ar domhan. Rianaigh na fadhbanna atá cruthaithe agus an réiteach a d'fhéadfadh a bheith orthu in áit **AMHÁIN** ainmnithe a ndearna tú staidéar air.

**(25 marc)**

**(d)** Trí thagairt a dhéanamh do chleachtadh **ar bith** in obair allamuigh sa tíreolaíocht atá críochnaithe agat:

**(i)** Tabhair teideal agus aidhmeanna na hoibre allamuigh. **(10 marc)**

**(ii)** Mínigh an chaoi ar réitigh tú don obair allamuigh. **(20 marc)**

**(iii)** Déan cur síos ar an gcaoi ar bhailigh tú agus a ndearna tú taifeadadh ar shonraí amuigh. **(30 marc)**

**(iv)** Luaigh na príomhthorthaí agus na conclúidí ar do chuid oibre. **(30 marc)**

**(v)** Déan cur síos achomair ar na scileanna a d'fhorbair tú agus ar chuir tú barr feabhais orthu tríd an gcleachtadh allamuigh seo a chur i gcrích. **(10 marc)**

**ROINN C**

**Freagair Ceist 5**

**5. TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH: Freagair 5(a) nó 5(b) nó 5(c) nó 5(d).**

**(a) (i)** Tá Oileán na hÉireann ar imeall na hEorpa. Pléigh **DHÁ** fhadhb agus **DHÁ** dheis forbartha a chruthaíonn sé seo.

**(80 marc)**

**(ii)** Pléigh go hachomair an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ballraíocht thíortha ó Oirthear na hEorpa in Aontas Eorpach méadaithe ar Éirinn.

**(20 marc)**

**(b) (i)** Trí thagairt a dhéanamh do **DHÁ** thír Eorpacha, déan comparáid agus codarsnacht idir na tosca a raibh tionchar acu ar fhorbairt na dtionscal déantúsaíochta.

**(75 marc)**

**(ii)** Tá fadhbanna timpeallachta ag mórán réigiún tionsclaíochta seanbhunaithe. Tabhair cuntas ar cheann **AMHÁIN** díobh seo agus mol réiteach ab fhéidir a dhéanamh air.

**(25 marc)**

**(c)** Poblacht na hÉireann, An Ghearmáin, An Iodáil, An Ísiltír, An Spáinn.

Roghnaigh tír **AMHÁIN** díobh sin thuas agus le cabhair sracléarscáile, déan cás chun go roinnfí í ina **DHÁ** réigiún thíreolaíochta nó breis.

**(100 marc)**

**(d)** Déan scrúdú ar na tosca a raibh tionchar acu ar fhorbairt na talmhaíochta i dtír **Mheánmharach** amháin de do rogha féin.

**(100 marc)**